Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-6442752. Facs:+353-90-6473080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: practicals@examinations.ie

S16/10

CHUIG ÚDARÁS NA SCOILE ATÁ AINMNITHE SA SEOLADH:

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010
GRAFAIC DHEARAIDH AGUS CHUMARSÁIDE – OBAIR CHÚRSA PHRAITICIÚIL

Treoracha maidir le hObair Chúrsa Phraiticiúil a chur isteach

Meabhraítear do scoileanna gurb é 12 Feabhra 2010 an spriocdháta chun an Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide a chur i gcrích. Ní mór do scoileanna an Obair Chúrsa Phraiticiúil chríochnaithe a chur go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar 26 Feabhra 2010 nó roimhe. Gheobhaidh tú faoi iamh, chun na críche seo, na doiciméid atá riachtanach san obair riaracháin a bhaineann leis an Obair Chúrsa Phraiticiúil a sheoladh ar ais don scrúdú:

(a) Rolla na Sínithe (Foirm P2)
(b) Clúdach mór plaisteach Dearg i gcomhair seachadta
(c) Clúdach iarrthóra do gach iarrthóir (liath)
(d) Soláthar de lipéid ardleibhéil agus ghnáthleibhéil (le greamú de na clúdaigh sheachadta agus de chlúdaigh na n-iarrthóirí)
(e) Lipéid bharrachóid (le greamú de na clúdaigh sheachadta)
(f) Foirm Thaifead Postais
(g) Foirm do lipéid bharrchóid nar úsáideach
(h) Clúdach agus "Rolla" air chun iad seo a leanas a chur ar ais

- **(i)** Barrchóip Fhoirm P2
- **(ii)** Barrchóip Fhoirm P20 (más ann di)
- **(iii)** Foirm do lipéid bharrchóid nar úsáideach

<u>Foirm P2</u>

Liosta ríomhairithe í Foirm P2 de na hiarrthóirí ón scoil agatsa a iontráladh ar Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta. Iarrtar ar scoileanna mórchúram a dhéanamh de chomhlánú na foirme seo de réir na dtreoracha seo a leanas:

(i) Ní mór do gach iarrthóir atá ag cur isteach obair chúrsa phraiticiúil an fhoirm a shíniú sa spás cuí.

(ii) I gcás go bhfuil obair chúrsa phraiticiúil curtha isteach ag iarrthóir ach go bhfuil sé nó sí as láthair ón scoil agus an rolla á shíniú, ba chóir don mhúinteoir **"Tasc and Dalta Isteach"** a scríobh sa spás don síniú.

(iii) I gcás nach gcuireann iarrthóir atá liostaithe ar Fhoirm P2 obair chúrsa phraiticiúil isteach don scrúdú ba chóir **"Gan Tasc an Dalta Isteach"** a thaifeadadh sa spás do shíniú an iarrthóra ar an bhfoirm seo.

Níor chóir d'iarrthóirí nach gcuireann obair chúrsa phraiticiúil isteach don scrúdú Foirm P2 a shíniú.

(iv) I gcás go gcuireann iarrthóir nach bhfuil liostaithe ar Fhoirm P2 obair chúrsa phraiticiúil isteach don scrúdú, ba chóir sonraí an iarrthóra a iontráil ar Fhoirm P2 agus síniú an iarrthóra a lorg.

(v) Ba chóir líon na n-iarrthóirí atá ag cur isteach obair chúrsa phraiticiúil a iontráil go soiléir sa spás chuige sin ar gach leathanach d'Fhoirm P2.

(vi) Ní mór don mhúinteoir/í na Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide an Fhoirm P2 chomhlánaithe a shíniú agus í a bheith comhshínithe ag an bPríomhoide chun an fhaisnéis atá inti a dheimhniu.

(vii) Ba chóir an bharrchóip den Fhoirm P2 (rolla na sínithe) a sheoladh ar ais go dtí an Coimisiún a luaithe atá an obair chúrsa phraiticiúil curtha i gcrích, sa chlúdach a bhfuil "Rolla" air. Ba chóir do na húdaráis scoile an chóip íochtair den Fhoirm P2 (rolla na sínithe) a choinneáil.

(viii) Seoladh soláthar d'fhoirmeacha P20 i bhfoirm leabhráin chuig na scoileanna i 2004. Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gcás iarrthóirí nach féidir a dheimhniú gurb iad féin amháin a chuir an obair chúrsa phraiticiúil i gcrích. I gcás go n-úsáidtear an fhoirm seo ba chóir an bharrchóip a sheoladh ar ais in éineacht le Foirm P2 sa chlúdach atá curtha ar fáil, agus ba chóir don scoil an chóip íochtair a choinneáil sa scoil.

Obair Chúrsa Phraiticiúil a Sheoladh ar ais

Agus an obair curtha i gcrích, ba chóir a threorú do gach iarrthóir an Obair Chúrsa Phraiticiúil a chur isteach sa chlúdach atá curtha ar fáil agus an lipéad don leibhéal cuí a ghreamú den taobh amuigh den chlúdach. Ba chóir don mhúinteoir na Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide clúdaigh na n-iarrthóirí ar fad a bhailiú ansin agus iad a shórtáil de réir ardleibhéil agus gnáthleibhéil. Ansin, ba chóir iad a chur sa phríomhchlúdach seachadta (ceann do gach leibhéal) agus an lipéad don leibhéal cuí a ghreamú den taobh amuigh den phríomhclúdach seachadta. Moltar gan níos mó ná 20 clúdach de chuid na n-iarrthóirí a chur san aon clúdach seachadta amháin. Ba chóir líon na bpíosaí den obair chúrsa phraiticiúil i ngach clúdach seachadta a scríobh sa spás cuí ar an gclúdach nó ar na clúdaigh s(h)eachadta agus ina theannta sin, ba chóir líon na gclúdach seachadta a úsáideadh a thaispeáint sa spás chuige sin, e.g. uimh. 1 de 2.

Tá socrú déanta ag an gCoimisiún leis an bPost leas a bhaint as córas barrachód cláraithe a dearadh go speisialta le haghaidh an obair chúrsa phraiticiúil a sheachadadh.

Ba chóir an lipéad barrachóid a ghreamú sa spás chuige sin ar an gclúdach seachadta. Bain Cluaisín A den lipéad agus greamaigh é den **Fhoirm Thaifead Postais**.

San Oifig Phoist, comhlánaigh na sonraí eile maidir leis an Oifig Phoist agus am na postála. Tabhair an paicéad ar láimh don oifigeach poist. Bainfidh an t-oifigeach Cluaisín B agus greamóidh sé/sí de bhileog thaifid de chuid oifig an phoist é. Stampálfaidh an t-oifigeach d'**Fhoirm Thaifead Postais** os comhair Chluaisín A don phaicéad atá tugtha ar láimh. Ba chóir do na húdaráis scoile an fhoirm thaifead postais a choinneáil ar eagla go mbeadh aon cheist ag an gCoimisiún ar ball faoin seachadadh.

Ba chóir Cluaisín A de na **lipéid bharrachóid ar fad nach n-úsáidtear** a ghreamú d'fhoirm na lipéad barrachóid nach n-úsáidtear. Ba chóir an fhoirm seo a sheoladh ar ais sa chlúdach a bhfuil "Rolla" air mar aon le barrchóip Fhoirm P2 agus cóip d'Fhoirm P20 (más ann di), go dtí Rannóg na dTrialacha Praiticiúla, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Cor na Madadh, Baile Átha Luain.

Paddy Quinn
Oifigeach Feidhmiúcháin
Feabhra 2010